



Scoil Naomh Gobnait

Dún Chaoin

Trá Lí

Co. Chiarraí

V92 NY00

066 9156411

Ráiteas Cosaint Sonraí

Sonraí Pearsanta ar an bhFoirm seo

Tá Scoil Naomh Gobnait ina rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Cosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tá gá leis na sonraí pearsanta a sholáthraítear ar an bhFoirm Ráiteas Cosaint Sonraí seo ar mhaithe leis na cúiseanna seo leanas:

- rollú mic léinn
- clárú mic léinn
- dáileadh múinteoirí agus acmhainní chun na scoile
- incháilitheacht mac léinn a mheas maidir le tacaíochtaí breise foghlamtha agus
- iompair
- scrúdaithe
- riarachán scoile
- leas leanaí (lena n-áirítear leas leighis)
- agus chun go gcomhlíonfaimis ár bhfreagachtaí dlithiúla eile

An Scoil ag Dul i dTeagmháil Leat

Cinntigh led thoil má tá tú sásta go raghaimis i dteagmháil leat trí teachtaireacht téacs agus le glaoch ort ar an nguthán ar na huimhreacha a bhí tugtha agus le ríomhphostanna a sheoladh chugat ar mhaithe leis na nithe seo leanas;

- laethanta spóirt
- cruinnithe tuismitheora/múinteora
- ceolchoirmeacha scoile/imeachtaí
- tú a chur ar an eolas faoi dhúnadh na scoile (m.sh. áit atá coinníollacha droch aimsire)
- chun tú chur ar na eolas faoi easpa tinrimh nó tinrimh déanach do pháiste nó aon saincheisteanna eile a bhaineann le hiompar do pháiste ar scoil
- d'fhonn cumarsáid a dhéanamh leat maidir le dul chun cinn shóisialta, mothálach
- agus oideachais agus le dul i dteagmháil leat i gcás práinne.

Cuir tic sa bhosca más "sea" go n-aontaíonn tú leis an úsáid seo

Úsáid a bhaint as d'uimhir fón póca/líne thalún /seoladh ríomhphoist chun teachtaireachtaí a sheoladh chun foláireamh a thabhairt duit maidir leis na saincheisteanna seo?

Nóta: Tá de cheart ag an scoil teagmháil a dhéanamh leat i gcás práinne a bhaineann leat do pháiste, pé acu an bhfuil do chhead tugtha agat nó nach bhfuil.

Cé go ginearálta go gcaithfear mar ábhar príomháideach Scoil Naomh Gobnait, leis na sonraí agus go mbaileófar agus go mbainfar úsáid as ag comhlíonadh riachtanais na hAchtanna Cosaint Sonraí 1988 agus 2003, ó am go h-am tá seans go mbeadh gá dúinn do chuid sonraí pearsanta a aistriú ar bhonn príobháideach chuig eagrais eile (lena n-áirítear An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Coimirce Sóisialaí, An Gárda Síochána, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte, Tusla (CFA), oibrithe shóisialta nó lucht cleachtas leighis, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, aon Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais, an tSeirbhis Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, nó (áit atá an mac léinn ag aistriú scoileanna) chuig aon scoil eile). Brathimid ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus mic léinn sinn a sholáthar le faisnéis chruinn agus iomlán agus le h-uasdátú a dhéanamh maidir le haon athrú sa bhfaisnéis a soláthraíodh. Más mian leat uasdátú a dhéanamh nó rochtain bheith agat ar do shonraí pearsanta/sonraí pearsanta do pháiste, ba chóir duit scríobh go dtí príomhoide na scoile chun Foirm Iarratais Rochtaine a lorg.

Polasaí Cosaint Sonraí: Tá cóip den bPolasaí Cosaint Sonraí ar fáil sa scoil. Nuair a chuireann tú iarratas isteach ar rollú chun na scoile, cuirfear ceist ort do chead a thabhairt i scríbhinn go ndéanfaí do shonraí/sonraí do pháiste a bhailiú, go ndéanfaí próiseáil orthu agus úsáid bainte astu de réir an Polasaí Cosaint Sonraí seo le linn a dtréimhse mar mhac léinn sa scoil.

Grianghrafanna Mic Léinn: Coimeádann an scoil bunachar grianghrafanna d'imeachtaí scoile thar na mblianta. Gnáth rud íseal grianghrafanna de mhic léinn ag baint páirt in imeachtaí scoile chun taifead físiúil agus stairiúil na scoile a chruthú. D'fhéadfadh go ndéanfaí grianghrafanna a fhoilsiú i bliain leabhair, suíomh idirlín na scoile, nuachtáin áitiúla agus náisiúnta agus léirithe eile atá bainteach leis an scoil. Más mian leatsa nó do pháiste go mbainfaí a ngriangraf ó bhróiséir, bliainleabhair srl. ag aon am, ba cheart duit scríobh go dtí an príomhoide.

1. Má tá tú sásta go dtógfaí grianghraf dod leanbh mar chuid de ghníomhachtaí scoile agus go n-áireófaí iad i ngach taifead (m.s Dialann Mhóire, suíomh idirlín scoile, suíomh Twitter na scoile &irl) dá léithéid, cuir tic sa bhosca anseo le do thoil.
2. Má tá tú sásta go dtógfaí grianghraf dod leanbh ar mhaithe le hoidhreacht agus úsáid na scoile (m.s le feiscint ar fallaí na scoile) amháin ach nach n-áireófaí iad ina leithéid de thaifead (m.s Dialann Mhóire, suíomh scoile &irl) cuir tic anseo le do thoil.
3. Más fearr leat gan grianghraf dod leanbh bheith tógtha agus nach n-áireófaí iad ina leithéid de thaifead, cuir tic anseo le do thoil.

Sínithe : _____

Tuismitheoir/Caomhnóir

Dáta _____